



# An tInnéacs Comhionannais Inscne 2020 ÉIRE



## Dul chun cinn ar chomhionannas inscne in Éirinn ón mbliain 2010 amach

Tá Éire sa seachtú háit san Aontas ar an Innéacs Comhionannais Inscne, agus 72.2 pointe bainte amach aici as 100 pointe. Tá an scór atá bainte amach aici 4.3 pointe níos airde ná scór AE.

Ón mbliain 2010 amach, tá méadú 6.8 pointe tagtha ar scór na hÉireann (+0.9 pointe ón mbliain 2017 amach). Tá Éire ag déanamh dul chun cinn ar luas atá níos gasta ná ráta dul chun cinn AE agus tá an tír dhá áit níos airde sa rangú ná a bhí sí sa bhliain 2010.



### An fheidhmíocht is fearr

Is i réimse na sláinte (91.3 pointe) atá an scór is airde a bhain Éire amach. Tá sí sa chuigiú háit sa réimse sin. Is i réimse an airgid (86.5 pointe) atá an dara scór is airde a bhain Éire amach. Tá sí san ochtú háit i measc na dtíortha uile sa réimse sin.

### An scóip is mó le haghaidh feabhais

Is i réimse na cumhachta (55.8 pointe) go háirithe atá neamhionannais inscne le feiceáil. Mar sin féin, tá Éire i measc na dtíortha is fearr feidhmíocht sa réimse sin (agus í sa 10ú háit).















### An feabhas is mó

Ón mbliain 2010 amach, is i réimse na cumhachta (+18.6 pointe) a bhain Éire an feabhas is mó ina scór amach. Chuaigh sí dhá áit suas an rangú sa réimse sin. Tá feabhas tagtha ar rangú na hÉireann i réimse na hoibre agus i réimse an ama freisin (áit amháin níos airde).

### An dul chun cinn is lú

Ní dhearnadh mórán dul chun cinn i réimse na sláinte (+0.6 pointe). Thit Éire áit amháin sa rangú sa réimse sin. Thit an tír cúig áit i réimse an airgid freisin.

# Féach torthaí na hÉireann san Innéacs

Scóir	2010	2012	2015	2017	2018	Treochtaí i scóir, 2010-2018 Treochtaí tíre agus AE
 1-100	65.4	67.7	69.5	71.3	72.2	
<b>Obair</b>	<b>73.5</b>	<b>73.7</b>	<b>73.9</b>	<b>75.5</b>	<b>75.9</b>	
 <b>Rannpháirtíocht</b>	77.4	77.3	78.3	81.7	82.4	
<b>Leithscaradh agus cáilíocht na hoibre</b>	69.8	70.2	69.7	69.8	69.9	
<b>Airgead</b>	<b>85.5</b>	<b>84.4</b>	<b>84.7</b>	<b>85.5</b>	<b>86.5</b>	
 <b>Acmhainní airgeadais</b>	81.1	80.7	81.0	81.7	83.3	
<b>Staid eacnamaíoch</b>	90.2	88.2	88.6	89.5	89.8	
<b>Faisnéis</b>	<b>65.3</b>	<b>67.7</b>	<b>66.4</b>	<b>66.9</b>	<b>67.3</b>	
 <b>Gnóthachtáil agus rannpháirtíocht</b>	72.7	74.0	74.1	77.8	79.3	
<b>Leithscaradh</b>	58.6	62.0	59.6	57.6	57.2	
<b>Am</b>	<b>70.8</b>	<b>76.5</b>	<b>74.2</b>	<b>74.2</b>	<b>74.2</b>	
 <b>Gníomhaíochtaí cúraim</b>	69.9	81.6	76.2	76.2	76.2	
<b>Gníomhaíochtaí sóisialta</b>	71.8	71.8	72.1	72.1	72.1	
<b>Cumhacht</b>	<b>37.2</b>	<b>40.7</b>	<b>48.6</b>	<b>53.4</b>	<b>55.8</b>	
 <b>Polaitiúil</b>	32.9	37.0	39.8	44.1	45.3	
<b>Eacnamaíoch</b>	21.7	25.4	39.9	46.4	50.0	
<b>Sóisialta</b>	72.1	71.7	72.4	74.5	76.8	
<b>Sláinte</b>	<b>90.7</b>	<b>90.4</b>	<b>90.6</b>	<b>90.9</b>	<b>91.3</b>	
 <b>Stádas</b>	96.5	96.5	96.8	97.1	97.6	
<b>Iompar</b>	79.0	79.0	79.0	79.0	79.0	
<b>Rochtain</b>	98.0	97.0	97.3	97.9	98.8	

## Maidir leis an Innéacs

Tugaimid scóir do Bhallstáit AE agus do AE ina iomláine gach bliain chun a fháil amach cá mhéad atá le déanamh acu fós chun comhionannas inscne a bhaint amach. Baintear úsáid san Innéacs as scála **ó 1 go 100, áit inarb ionann 1 agus neamhionannas iomlán agus inarb ionann 100 agus comhionannas iomlán.**


Bíonn na scóir sin bunaithe ar na bearnaí idir mná agus fir agus ar na leibhéil ghnóthachtála i sé phríomhréimse: obair, airgead, eolas, am, cumhacht agus sláinte, **agus a bhfo réimsí.** Cé go bhfuil **dhá réimse bhreise** ar áireamh san Innéacs, ní dhéanann siad aon difear don scór deiridh. Leagtar béim i réimse na neamhionannas trasnach ar an dóigh a mbíonn neamhionannais inscne ag teacht le haois, le cumas nó míchumas, le tír bhreithe, le hoideachas agus le cineál teaghlai. I réimse an fhoréigin in aghaidh na mban déantar eispéiris na mban le foréigean a thomhas agus a anailísiú. Tá an tInnéacs comhdhéanta de **31 táscaire.** Áirítear leis an Innéacs Comhionannais Inscne 2020 freisin **díriú téamach ar an digitiú agus ar thodhchaí na hoibre.**

# Príomh-bhuaicphointí



## Rannpháirtíocht mhéadaithe san fhostaíocht

Bhí méadú ann sa ráta fostaíochta coibhéise lánaimseartha do mhná agus d'fhir araon.



2010 8%

2020 27%



2010 15%

2019 33%

## Feabhsuithe ar chinnteoireacht eacnamaíoch

Bhí méadú ann sa chéatadán de mhná atá ar bhoird na gcuideachtaí is mó atá liostaithe go poiblí agus ar bhord an bhainc cheannais.



## Is i measc na rátaí is airde san AE atá rannpháirtíocht na mban i gcinnteoireacht shóisialta

Bhain Éire páireacht inscne amach maidir leis an líon ban ar comhaltaí boird iad d'eagraíochtaí craolacháin atá faoi úinéireacht poiblí.




IE 50%

AE 37%



## Tháinig leathnú ar an mbearna idir na hinscní san fhostaíocht, go háirithe do rionnt grúpaí

Is leithne i bhfad an bhearna idir na hinscní sa ráta fostaíochta coibhéise lánaimseartha (CL) i measc na mban agus na bhfear sin atá i lánúineacha a bhfuil leanaí acu ná an bhearna sin i measc na mban agus na bhfear sin atá i lánúineacha nach bhfuil leanaí acu.



## Neamhionannas sa staid eacnamaíoch

Is mó an líon ban atá i mbaol na bochtaineachta ná an líon fear atá ina baol. Is iad tuismitheoirí singile (42%), mná singile (33%) agus fir shingile (38%) na daoine is mó atá i mbaol na bochtaineachta in Éirinn.









## Fadhb bhuanseasmhach is ea an céatadán neamhchothrom de mhná agus d'fhir atá san oideachas

Ba mhó an líon ban a rinne staidéar ar oideachas, ar shláinte agus folláine nó ar dhaonnachtaí agus na healaíona ná an líon fear a rinne amhlaidh.



# Féach feidhmíocht na hÉireann de réir táscaire

Táscairí		Éire		AE		
		Mná	Fir	Mná	Fir	
<b>Obair</b>						
	<b>Rannpháirtíocht</b>	Ráta fostaíochta coibhéise lánaimseartha (CL)* (15+, %, 2018)	45	61	42	57
		Fad an tsaoil oibre (15+, blianta, 2018)	34	40	34	39
	<b>Leithscaradh agus cáilíocht na hoibre</b>	Leithscaradh san fhostaíocht (15+, %, 2018)	34	8	31	8
		Solúbthacht (15+, %, 2015)	37	43	23	27
		An tInnéacs Ionchas Gairme (15+, pointí, 0-100, 2015)	65	64	63	64
<b>Airgead</b>						
	<b>Acmhainní airgeadais</b>	Meántuilleamh míosúil (16+, euro sa chaighdeán cumhachta ceannaigh, 2014)	2 808	3 423	2 249	2 809
		Meán-ghlanioncam bliantúil teaghlaigh** (16+, euro sa chaighdeán cumhachta ceannaigh, 2018)	22 629	23 463	17 860	18 668
	<b>Dálaí eacnamaíocha</b>	I mbaol na bochtaineachta (16+, %, 2018)	17	13	17	16
		Dáileadh ioncain (16+, %, 2018)	22	23	20	19
<b>Faisnéis</b>						
	<b>Gnóthachtáil agus rannpháirtíocht</b>	Céimithe ón oideachas treasach (15+, %, 2018)	40	34	26	25
		Rannpháirtíocht i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil (15+, %, 2018)	21	18	17	16
	<b>Leithscaradh</b>	Leithscaradh san oideachas (15+, %, 2017)	49	24	43	21
<b>Am</b>						
	<b>Gníomhaíochtaí cúraim</b>	Cúram a thabhairt do leanaí, do gharleanaí, do dhaoine scothaosta nó do dhaoine faoi mhíchumas (18+, %, 2016)	44	31	38	25
		Cócaireacht agus/nó obair tí gach lá (18+, %, 2016)	89	48	79	34
	<b>Gníomhaíochtaí sóisialta</b>	Gníomhaíochtaí spóirt, cultúrtha nó fóillíochta (15+, %, 2015)	40	48	28	32
		Gníomhaíochtaí deonacha nó carthanúla (15+, %, 2015)	15	18	12	11
<b>Cumhacht</b>						
	<b>Polaitiúil</b>	Airí (%, an dara ráithe de 2020)	21	79	32	68
		Feisirí parlaiminte (an dá theach) (%, an dara ráithe de 2020)	24	76	32	68
		Comhaltaí de thionóil réigiúnacha/de bhordais áitiúla (%, 2019)	24	76	29	71
	<b>Eacnamaíoch</b>	Comhaltaí boird de na cuideachtaí is mó (%, an chéad seimeastar de 2020)	27	73	29	71
		Comhaltaí boird den bhanc ceannais (%, 2019)	33	67	25	75
	<b>Sóisialta</b>	Comhaltaí boird d'eagraíochtaí a chistíonn taighde (%, 2019)	48	52	38	62
		Comhaltaí boird d'eagraíochtaí craolacháin phoiblí (%, 2019)	50	50	37	63
		Comhaltaí boird d'eagraíochtaí náisiúnta spóirt Oilimpeach (%, 2019)	24	76	17	83
	<b>Sláinte</b>					
		<b>Stádas</b>	Daoine a bhfuil dea-shláinte acu (16+, %, 2018)	84	84	67
		Ionchas saoil (blianta, 2018)	84	81	84	78
		Blianta sláintiúla sa saol (blianta, 2018)	70	68	64	63
<b>Iompar</b>		Caitheamh tobac agus úsáid alcóil** (16+, %, 2014)	34	54	28	48
		Gníomhaíocht fhisiciúil agus/nó torthaí agus glasraí a ithe** (16+, %, 2014)	48	47	36	40
<b>Rochtain</b>	Riachtanas neamhchomhlíonta le scrúdú leighis (16+, %, 2018)	2	2	4	3	
	Riachtanas neamhchomhlíonta le scrúdú fiacla (16+, %, 2018)	3	2	4	4	

Foinsí: Eurostat (staitisticí oideachais, Suirbhé an Aontais Eorpach ar an bhFórsa Saothair, Suirbhé ar Agallamh Sláinte na hEorpa, Staitisticí an Aontais Eorpach ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála, An Suirbhé ar Struchtúr Tuillimh), Eurofound (An Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip, An Suirbhé Eorpach ar Cháilíocht na Beatha), EIGE (Mná agus Fir i gCinnteoireacht).  
\*Leis an ráta fostaíochta coibhéise lánaimseartha, tomhaistear daoine fostaite ar bhealach inchomparáide, cé gur féidir go mbeonn líon difriúil uaireanta á gcur isteach acu in aghaidh na seachtaine.  
\*\*AE: meán neamhualaithe.  
Léigh tuilleadh faoin Innéacs Comhionannais Inscne ag <http://eige.europa.eu/gender-equality-index>



## Foréigean

### Cén fáth nach bhfuil scór ann i leith réimse an fhoréigin?

Ní thugtar aon fhigiúr toisc nach ann d'aon sonraí nua is féidir a úsáid chun an scór i leith foréigin a athrú chun dáta. Tá suirbhé ar fhoréigean inscnebhunaithe á chomhordú ag Eurostat ar fud AE faoi láthair. Táthar ag súil leis go bhfoilseofar na torthaí sa bhliain 2023. Seolfaidh EIGE an dara babhta de bhailiú sonraí riaracháin ar fhoréigean dlúthpháirtnéara, ar éigniú agus ar fheimeamharú sa bhliain 2022. Bainfear úsáid as an dá fhoinsé sonraí sin chun réimse an fhoréigin a athrú chun dáta san Innéacs Comhionannais Inscne 2024.

Murab ionann is réimsí eile san Innéacs, ní thomhaistear i réimse an fhoréigin na difríochtaí idir staid na mban agus staid na bhfear. Ina ionad sin, tomhaistear sa réimse sin eispéiris foréigin na mban (leitheadúlacht, déine agus nochtadh). Níl sé mar chuspóir foriomlán leis sin na bearnaí foréigin idir mná agus fir a laghdú. Ina ionad sin, tá sé mar chuspóir leis an bhforéigean a dhíothú go hiomlán.



De bharr bearnaí a bheith ann sna sonraí, ceiltear fíorscála an fhoréigin.

Teastaíonn ó AE sonraí atá cuimsitheach, cothrom le dáta agus inchomparáide chun gur féidir leis teacht ar bheartais éifeachtacha lena gcomhraictear foréigean in aghaidh na mban.

### Foréigean ar sracfhéachaint

Feimeamharú



Níl aon sonraí ar fáil


Ciorrú ball giniúna baineann



Tá idir 1 % agus 11 % de 14 577 cailín (sa phobal imirceach a chónaíonn sa tír) i mbaol ciorrú ball giniúna ban

Foinse: EIGE

Cibearfhoréigean



D'fhulaing 4 % de mhná ciapadh ar líne

Foinse: Eurofound, An Suirbhé Eorpach ar Cháilíocht na Beatha



Le linn na dtréimhsí dianghlasála COVID-19, ba sháinnithe sa bhaile a bhí mná a bhí i gcaidreamh foréigean agus, dá bharr sin, bhí siad neamhchosanta ar feadh tréimhsí fada ama ar an duine a bhí freagrach as an mí-úsáid, rud a d'fhág gur mhó an baol go bhfulaingeadh siad foréigean baile. Fiú mura mbeadh aon phaindéim ann, ba iad daoine a bhfuil aithne ag mná orthu na daoine ba chontúirtí dóibh.

### Coinbhinsiún Iostanbúl: an staid reatha

Is é Coinbhinsiún Iostanbúl an conradh idirnáisiúnta is cuimsithí i réimse chearta an duine lena bpléitear leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus leis an bhforéigean baile. Shínigh Éire Coinbhinsiún Iostanbúl i mí na Bealtaine 2015 agus dhaingnigh sí é i mí an Mhárta 2019. Tháinig an conradh i bhfeidhm i mí Iúil 2019.




## Dírú téamach ar an digitiú agus ar thodhchaí na hoibre


Dírítear ar an digitiú agus ar thodhchaí na hoibre san Innéacs Comhionannais Inscne 2020. Sa díriú téamach, iniúchtar trí réimse:

- an dóigh a ndéantar scileanna digiteacha agus teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid agus a fhorbairt;
- bunathrú digiteach shaol na hoibre (leitscaradh, dálaí oibre, an chothromaíocht oibre is saoil);
- mór-iarmhairtí an digitithe do chearta an duine, d'fhoréigean in aghaidh na mban agus do ghníomhaíochtaí cúraim.


Scileanna níos airde ná scileanna bunúsacha i measc na ndaoine sin a bhfuil ardleibhéal oideachais fhoirmiúil acu



Speisialtóirí TFC



An bhearna phá idir na hinscní sa réimse TFC



Príomhtháscairí	Éire		AE	
	Mná	Fir	Mná	Fir
<b>Scileanna digiteacha</b>				
Úsáideoirí laethúla Idirlín (16-74, %, 2019)	83	82	78	80
Scileanna níos airde ná scileanna bunúsacha (16-74, %, 2019)	33	36	31	36
Scileanna faisnéise	77	73	71	71
Scileanna cumarsáide	73	67	67	66
Scileanna réiteach fadhbanna	53	57	56	63
Scileanna bogearraí	40	43	39	44
I mbun oiliúna chun scileanna digiteacha a fheabhsú (16-74, %, 2018)	16	18	18	22

<b>Leithscaradh san oideachas agus sa mhargadh saothair</b>				
Céimithe TFC (%, 2018)	26 (d)	74 (d)	20	80
Speisialtóirí TFC (15+, %, 2019)	21	79	18 (s)	82 (s)
Eolaithe agus innealtóirí in earnálacha ardteicneolaíochta (25-64, %, 2019)	21	79	20	80

<b>Obair sa réimse TFC</b>				
TFC san obair agus na gníomhaíochtaí a rinneadh (16-74, %, 2018)				
Úsáideadh ríomhaire, ríomhaire glúine, fón cliste, etc.	29	36	37	42
Úsáideadh trealamh ríomhairithe eile	9	17	8	13
Malartaíodh ríomhphoist	24	28	32	36
Rinneadh doiciméid leictreonacha a chrunú nó a chur in eagar	18	21	24	28
Úsáideadh na meáin shóisialta	7	8	9	11
Úsáideadh feidhmchláir chun tascanna nó treoracha a fháil	11	15	10	14
Úsáideadh bogearraí atá sonrach don ghairm	11	16	19	24
Rinneadh córais TF nó bogearraí TF a fhorbairt nó a chothabháil	3	5	3	7
Obair pháirtaimseartha sa réimse TFC (20-64, %, 2018)	6	2	17	5

Socruithe am oibre i measc speisialtóirí TFC (20-64, %, 2015, níl sonraí ar leibhéal náisiúnta ar fáil)

AE, rinne 21 % de mhná agus 22 % d'fhir a n-uaireanta oibre a chinneadh iad féin, i gcomparáid le 13 % de mhná agus 18 % d'fhir i ngairmeacha eile

An bhearna phá idir na hinscní sa réimse TFC (%, 2014)

12 11

Foinse: Eurostat (staitisticí oideachais, staitisticí ar an ngeilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach, Suirbhé an Aontais Eorpach ar an bhFórsa Saothair, An Suirbhé ar Structúr Tuillimh), Eurofound (An Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip).

d: tá difríocht ann sa sainmhíniú, féach EUROSTAT.

s: Meastachán ó Eurostat.

Ní chumhdaítear roinnt réimsí ábhartha (e.g. obair ardáin agus intleacht shaorga) leis na táscairí toisc nach ann do sonraí is incomparáide ar fud AE.

Léigh tuilleadh faoin Innéacs Comhionannais Inscne ag

<http://eige.europa.eu/gender-equality-index>

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) lárionad eolais an Aontais Eorpach um chomhionannas inscne. Cuireann EIGE tacaíocht ar fáil don lucht déanta beartas agus gach institiúid ábhartha agus iad ag iarraidh an comhionannas idir fir agus mná a chur i bhfeidhm i saol na nEorpach ach saineolas sonrach agus sonraí incomparáide iontaofa a chur ar fáil dóibh maidir leis an gcomhionannas inscne san Eoraip.

© An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, 2020

Forbraíodh an bhileog eolais seo i gcomhar le PPMI.

Tá atáirgeadh údaráithe ar choinníoll go dtugtar admháil i leith.



An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne  
Gedimino pr. 16  
LT-01103 Vilnius  
AN LIOTUÁIN



Oifig Foilseachán  
an Aontais Eorpach

Sonraí teagmhála  
<http://eige.europa.eu/>  
[facebook.com/eige.europa.eu](https://www.facebook.com/eige.europa.eu)  
[twitter.com/eurogender](https://twitter.com/eurogender)  
[youtube.com/user/eurogender](https://www.youtube.com/user/eurogender)  
[eige.sec@eige.europa.eu](mailto:eige.sec@eige.europa.eu)  
+370 52157444  
<https://eurogender.eige.europa.eu/>